# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH 2008 – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FÚTHU SEO A LEANAS:

- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEIST **AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**

**Freagair a) agus b).**

a) *Ón gcianaimsir i leith tá ceisteanna á gcur ag daoine faoi sprioc agus faoi chuspóir na beatha.*

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phointe as smaointeoireacht Shócraitéas faoi sprioc agus faoi chuspóir na beatha.

(40 marc)

b) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfreagrófaí ceisteanna faoi sprioc agus faoi chuspóir na beatha ó thaobh na ndearcaí seo a leanas:

- An Agnóiseachas
- An Réaduchtachas

(40 marc)

**Ceist 2.**

**Freagair a) agus b).**

a) Déan cur síos ar an tuiscint ar an bhfoilsiú ó Dhia atá le fáil in **dhá** cheann de na mór-reiligiúin a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

(40 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil tionchar ar **dhá** chleachtas reiligiúnacha ag an tuiscint ar an bhfoilsiú ó Dhia atá le fáil i mór-reiligiún amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.

(40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) agus b).**

a) Déan measúnú ar an bhfianaise go raibh a leithéid de dhuine agus Íosa Nazórach ann a chuirtear inár láthair i scríbhinní **beirt** díobh seo a leanas:

- JOSEPHUS
- PLINIAS ÓG
- NAOMH PÓL
- TACATAS

(40 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a bhfuil misean Íosa á choinneáil ar siúl ag sainchreideamh Críostaí inniu. (40 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**

a) Déan comparáid idir córas eagraithe phobal na gcreidmheach in **dhá** cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

An Búdachas An Chríostaíocht An Hiondúchas An tIoslamachas An Giúdachas



(40 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar bhunús agus ar phríomhchleachtais chreidimh ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- Reiligiún Traidisiúnta Afracach
- Gluaiseacht Reiligiúnach Nua
- Creideamh na mBaha'i
- Reiligiún Síneach
- Reiligiún na Saíceach

(40 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

**Freagair a) agus b).**

a) Déan cur síos ar chéimeanna na forbartha morálta atá rianaithe ag teoiricí morálta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi.

(40 marc)

b) Scrúdaigh an cur chuige i leith na cinnteoireachta morálta in **dhá** cheann de na fealsúnachtaí/teoiricí morálta seo a leanas:

- An Eitic Dhualeolaíochta
- An Héadónachas
- An Dlí Nádúrtha
- An Caidreamh Cóir
- An Eitic Theileolaíoch
- An Fóntachas
- Eitic na Suáilcí

(40 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN E AN REILIGIÚN AGUS AN INSCNE

**Freagair a) *nó* b).**

a) Déan próifíl d'fhorbairt na spioradáltachtaí feimineacha. (80 marc)

***nó***

b) i. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith atá i bpáirt ag na diagachtaí feimineacha. (30 marc)

ii. Scrúdaigh an gaol idir diagachtaí feimineacha agus sainchreideamh Críostaí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (50 marc)

### ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

Pléigh an ról a bhí ag an idirphlé i réiteach na coimhlinte i gcás **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(80 marc)



### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA

**Freagair a) *nó* b).**

a) Déan measúnú ar an bhfianaise a thacaíonn le háireamh an Bhíobla mar théacs clasaiceach agus mar théacs diaga araon. (80 marc)

***nó***

b) Déan anailís ar **dhá** cheist atá lárnach san fhadhb shionoptach. (80 marc)

## ROINN I REILIGIÚN: AN TAITHÍ ÉIREANNACH

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar na príomhthreochtaí i bpatrún an chreidimh agus an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(40 marc)

b) Pléigh tionchar an dí-eaglaisithe ar phatrún an chreidimh agus an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(40 marc)

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán